



Riarthóir Cumarsáide

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais ar an bpost Riarthóir Cumarsáide. Beidh ról lárnach ag an té a cheapfar ag riaradh gnéithe a bhaineann le straitéis chumarsáide TG4. Beidh an té a cheapfar lonnaithe i gCeannáras TG4 i nGaeltacht na Gaillimhe agus freagrach don Bhainisteoir Cumarsáide.

Fostóir comhionannais deiseanna é TG4 agus déantar iarratais incháilithe a mheas gan beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh ná ballraíocht den Lucht Siúil. Tá meon dearfach ag TG4 i leith na hÉagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil cúlraí éagsúla acu.

Cúraimí

Beidh an té a cheapfar freagrach as:

- Gnéithe a bhaineann leis an straitéis chumarsáide a riar
- Eolas cumarsáide a bhailiú agus a roinnt le foireann TG4 agus le heagrais éagsúla idir na meáin agus comhpháirtithe eile de réir mar a oireann.
- Tacú le himeachtaí cumarsáide a chur i bhfeidhm
- Ábhar a scríobh, a cheartú, a aistriú agus a phrofáil go bunúsach
- Cuidiú le hócáidí agus feachtais chumarsáide a eagrú

Nithe atá riachtanach don phost seo:

Teacht i láthair taitneamhach, urlabhra shoiléir agus ardchumas scríbhneoireachta agus cumarsáide atá ag teastáil don phost seo.

- Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.
- Fócas dearfach agus cumas maith foirne
- Sár-thuiscint ar chumas na meán sóisialta agus na n-ardán digiteach.
- Taithí mhaith ar chúrsaí riaracháin agus ríomhaireachta (ard-tuiscint ar Excel, MS Office agus ábalta córais nua a fhoghlaim go tapa).
- Taithí mhaith ar obair thaighde
- A bheith ábalta feidhmiú go muiníneach as do stuaim féin, go héifeachtach i dtimpeallacht spreagúil.

Is é 4pm Luain an 20 Nollaig 2021 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Seol d'iarratas mar aon le litir iarratais chuig cv@tg4.ie.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4.